

Caibidil 1

Ráiteas ón gCathaoirleach
agus Athbhreithniú an
Phríomhfheidhmeannaigh

Ráiteas ón gCathaoirleach

Réamhrá

Seo an cúigiú Tuarascáil Bhliantúil déag de chuid ÚMICÉ ('an tÚdarás'). Is mór an pléisiúr dom é í a chur faoi bhráid an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, i gcomhréir le halt 928(1) d'Acht na gCuideachtaí, 2014 ('an tAcht'). In Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh, déantar achoimre ar na príomhghníomhaíochtaí a rinne an tÚdarás le linn 2020 chun a mhisean a chomhlíonadh. Sa chuid atá fágtha den Tuarascáil seo, tugtar mionsonraí ar an obair sin. Sa Ráiteas uaim, ba mhaith liom díriú ar na gnéithe straitéiseacha arb iad príomhchúram bhord an Údaráis iad, agus ar an seasamh a ghlac an tÚdarás chun dul i ngleic leis na dúshláin reatha agus ionchasacha araon.

Rialachas

Chuir an tÚdarás a chlár oibre nua i ngníomh lena gcumhdaítear an tréimhse trí bliana eile le linn 2020. Leis an gclár sin, díreann ar thrí phríomhshnáithe; rialáil, cur chun cinn ardchaighdeán, agus uasmhéadú ár dtionchair. Cuireadh de chúram ar an bhfoireann feidhmiúcháin na snáitheanna sin, dá dtugtar tacaíocht sa chlár oibre le straitéisí agus cumasóirí, a aistriú ina gcúraimí ar leith agus a chur i ngníomh ina pleananna gnó. Tugann an bord an fheidhmeannacht chun cuntais i leith na bpleananna sin, agus tugtar achoimre sa tuarascáil seo freisin ar fheidhmíocht an Údaráis i ndáil leis na torthaí a leagtar amach iontu.

Déanann an bord athbhreithniú ar bhonn bliantúil freisin ar a rialachas féin. In athbhreithniú na bliana seo, athdhearbhaíodh an rialachas láidir atá i bhfeidhm in ÚMICÉ, agus leagadh moltaí amach ann chun leanúint de ghéire intinne an bhoird a fhorbairt. Príomhghné den fhorbairt sin anois is ea oiliúint a chur ar an mbord.

Tionchar COVID-19

Mar atá leagtha amach ar bhealach níos iomláine sa tuarascáil, mar gheall ar fhreagra an Údaráis ar na teagmhais gan réamhshampla in 2020, is amhlaidh a bhí sé in ann formhór mór a phleananna a chur i gcrích. Cé gur fíor nach bhfuil bealach ar bith ann, dá ndéanfaí pleanáil nó anailís riosca ar bith, go bhféadfaí na dúshláin uathúla a tháinig chun cinn sa dá mhí dhéag dheireanacha a thuair, bhí ÚMICÉ in ann, mar gheall ar an obair a bhí déanta aige roimhe sin chun a athléimneacht agus a sholúbthacht a fhorbairt, gluaiseacht go gasta chuig bealaí nua chun oibriú mar fhreagra air sin. Bhain cuid mhór de sin le hoibriú i gcomhar leis na heintitis a rialaíonn sé, agus é á shoiléiriú go ndéanfaí caighdeán rialála a chothabháil. Faoi mar is léir ón gcuid eile den tuarascáil seo, bhí rath ar an Údarás ó thaobh sin de.

Imeacht na Ríochta Aontaithe ó AE

Ar 11pm an 31 Nollaig seo a chuaigh thart tháinig deireadh le hidirthréimhse na Ríochta Aontaithe agus tháinig imeacht iomlán na Ríochta Aontaithe ó AE in éifeacht dlí. Is léir cheana féin an tionchar iniúchóireachta atá aige sin. Tá tionchair phraiticiúla anois ann d'iniúcháirí ar mian leo leanúint de bheith cláraithe sa dá dhlí, agus mar gheall air sin, tháinig laghdú an-suntasach ar líon na niniúcháirí reachtúla atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe agus atá cláraithe mar iniúcháirí reachtúla in Éirinn. Tá an tÚdarás den tuairim gur mar sin a bheidh in 2021 agus ina dhiaidh sin, de réir mar a imíonn ceanglais na Ríochta Aontaithe agus AE maidir le hiniúchadh reachtúil agus in áiteanna eile ó chéile. Leanfaidh an Ríocht Aontaithe de bheith ina páirtneir tábhachtach i gcomhthéacs idirnáisiúnta don Údarás. Tá a caighdeán iniúchóireachta mar bhonn do chaighdeán iniúchóireachta na hÉireann, agus is í an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais ('CTA') socraitheoir na gcaighdeán cuntasaíochta freisin le haghaidh ráitis airgeadais intíre in Éirinn. Leanann an tÚdarás de phleanáil a dhéanamh, faireachán a dhéanamh, agus freagra a thabhairt ar thionchair iomadúla chinneadh na Ríochta Aontaithe.

Caidrimh idirnáisiúnta

Is gairmeacha domhanda iad an iniúchóireacht agus an chuntasaíocht, agus is amhlaidh, de réir a chéile, a oibríonn an rialachas ar an leibhéal céanna. Aithníonn ÚMICÉ le fada an tábhacht a bhaineann le caidrimh a fhorbairt lena bpiaraí ar leibhéal idirnáisiúnta. Go háirithe, rinneadh sin trí Choiste na gComhlachtaí Eorpacha um Fhormhaoirseacht Iniúchóireachta ('CCEFI') de chuid AE agus ar leibhéal domhanda trí chomhaltas den Fhóram Idirnáisiúnta um Rialtóirí Iniúchóireachta Neamhspleáiche (FIRIN). In 2020, chuaigh Éire le Grúpa Comhairliúcháin CCEFI, a bhainistíonn obair CCEFI ar bhonn riaracháin. D'oibrigh sí freisin ar roinnt meithleacha agus tascfhórsaí Eorpacha agus domhanda, agus scrúdú á dhéanamh ar shaincheisteanna tráthúla amhail an tuairisciú neamhairgeadais, faireachán ar an margadh Eorpach d'iniúchóireacht, agus athbhreithniú ar fhorbairtí atá iomchuí ar leibhéal idirnáisiúnta ar an iniúchóireacht do FIRIN. Leis an obair sin, tugtar léargas don Údarás ar an bhforbairt leanúnach atá ag teacht ar an iniúchóireacht agus ar an rialáil iniúchóireachta, agus ar an gcaoi a bhfreagraítear do dhúshláin ar fud an domhain tríd sin. Tá an léargas sin ina chuidiú chun eolas a thabhairt faoi na pleananna a dhéanann an tÚdarás chun a fhorbartha féin, mar shampla an earcaíocht a dhéanann sé ar shaineolas speisialaithe in anailísíocht sonraí agus ríomhiniúchadh. Leanann an bord de thacú le rannpháirtíocht fhoireann ÚMICÉ san obair sin.

Forbairtí idirnáisiúnta

Lean an rialáil cuntasáiochta agus iniúchóireachta de bheith mar phríomhchúram na díospóireachta idirnáisiúnta le linn 2020. Sa Ríocht Aontaithe, tá breithniú á dhéanamh ag an Roinn Gnó, Fiontar agus Straitéise Tionsclaíche ar conas is fearr is féidir na moltaí iomadúla a eascraíonn as tuarascálacha ar an margadh iniúchóireachta, agus a foilsíodh le blianta beaga anuas, a chur i ngníomh. Le cliseadh *Wirecard*, tarraingíodh aird ar shaincheisteanna an-suntasach ar fud an chreata rialála sa Ghearmáin, saincheisteanna a bhfuil an Coimisiún Eorpach mar aon le rialtas na Gearmáine ag tabhairt freagra orthu. Leanann ÚMICÉ d'fhaireachán a dhéanamh ar na díospóireachtaí sin agus ar na tograí a thagann astu, chun a mheasúnú cibé acu atá nó nach bhfuil siad iomchuí i gcomhthéacs rialála na hÉireann. Tugaimid faoi deara go bhfuil roinnt de na tograí de chuid na Ríochta Aontaithe maidir lena rialtóir nua ina léiriú ar struchtúr rialála na hÉireann, lena comhlacht rialála nua, an tÚdarás Iniúchóireachta, Tuairiscithe agus Rialachais (ÚITR), atá le bheith bunaithe faoin dlí le sainchúram reachtúil agus oibleagáidí tuairiscíocháin soiléire, mar aon le cumhachtaí feabhsaithe. Ar leibhéal AE, tá an tÚdarás ag rannchuidiú leis na pléití maidir leis an gcaoi ar féidir leis na rialtóirí uile de chuid AE feabhsú. Tá an tÚdarás muiníneach go mbeidh sé i riocht maith chun freagra a thabhairt ar thorthaí na bpléití sin.

Nuálaíocht

I ráiteas 2019 de mo chuid, leag mé amach freagra an Údaráis ar an tionscnamh athchóirithe ar fud na seirbhíse poiblí. In 2020, leathnaigh an tÚdarás a thionscnaimh sa réimse sin. Tá feidhm thiomnaithe ag ÚMICÉ le haghaidh Forbairt Eagraíochtúil, a mbaineann an fhreagracht ina leith ar leibhéal na ceannaireachta. Ceapadh an nuálaíocht i gclár oibre agus pleananna gnó an Údaráis. Ar gach leibhéal, cuireadh dúshlán roimh an bhfoireann agus thug sí freagra ar an dúshlán sin trí phróisis agus nósanna imeachta a athrú, trí bhealaí oibre nua a chruthú, agus tríd an gcaoi a dtugann an tÚdarás faoina chuid oibre a scrúdú agus a cheistiú de shíor, agus ar an dóigh sin, tríd an gcaoi a gcomhlíonann sé a shainchúram reachtúil a scrúdú agus a cheistiú de shíor freisin. Tá gá leis an gcur isteach sin, bíodh is gur míchompord é in amanna, dar leis an mBord chun go mbeidh ÚMICÉ i riocht maith chun freagra a thabhairt ar an timpeallacht mhíshocair agus neamhchinnte ina n-oibríonn sé.

Athruithe boird

D'fhág bás anabái ár n-iar-chomhghleacaí Caitríona Crowley le linn na bliana comhaltaí an bhoird faoi bhrón. D'fhág Caitríona, ainmní na gCoimisinéirí Ioncaim, an Bord i ndeireadh 2019. Ar dheis Dé go raibh a hanam dílis.

D'fhág roinnt comhaltaí seanbhunaithe an bord i mbliana. D'fhág David Devlin agus Etain Doyle, agus an bheirt acu ina n-ainmnithe de chuid na gcomhlachtaí cuntasáiochta forordaithe, nuair a tháinig deireadh lena dtéarmaí ceapacháin. Ceapadh Clodagh Hegarty agus Ronan Nolan ina n-áit. Tháinig deireadh le téarma oifige Nicole Lappin (ainmní Aireachta) in 2020 freisin. Ceapadh Aisling Kennedy ina háit. Ceapadh Kathleen Redmond ar ainmniú na gCoimisinéirí Ioncaim chun teacht in ionad Crowley, Uasal. Ba mhaith liom ómós ar leith a thabhairt don duine a bhí ann díreach romham, Conor O'Mahony, an t-ainmní OSFC a ghníomhaigh mar Chathaoirleach ar feadh tamaill tar éis bás tobann Brendan Walsh in 2016. Tháinig David Hegarty in ionad Conor. Thar ceann an bhoird is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl agus ómós a léirigh dóibh siúd ar fad a thug seirbhís don Údarás go calma, agus gabhaim buíochas pearsanta leo siúd a tháinig isteach le bliain anuas.

Tuairimí scoir

An tráth seo anuraidh, ní raibh ÚMICÉ ach ag glacadh de réir a chéile le domhan a bhí éagsúil ó bhonn. Anois, tá comharthaí dóchais chúramaigh ann, agus faoi dheireadh na bliana seo beidh normáltacht de chineál éigin arís ann. Le COVID-19 tháinig athrú bunúsach ar an gcaoi a gcaithimid uile ár saol agus go háirithe ar an gcaoi a ndéanaimid ár gcuid oibre. Beidh tionchar buan ag cuid de na hathruithe sin i bhfad i ndiaidh dheireadh na paindéime. Faoi mar atá leagtha amach agam sa ráiteas uaim, oibríonn ÚMICÉ i dtimpeallacht chasta inarb é an t-athrú an t-aon rud amháin nach nathraíonn inti, agus is faoin mBord atá sé a áirithiú go mbeidh an tÚdarás i riocht maith chun freagra a thabhairt air sin.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe uile ar bhord ÚMICÉ as a ndúthracht agus as ar rannchuidigh siad le hobair an Údaráis i gcaitheamh na bliana. Trí chruinnithe fíorúla, níl an deis ann do chomhaltaí boird, go háirithe comhaltaí nua, tuiscint iomlán a fháil ar a gcomhghleacaithe ná, go deimhin, ar an Údarás trí chéile, agus tá mé ag tnúth le bualadh leo aghaidh ar aghaidh, i gcás roinnt acu den chéad uair, sula i bhfad. Is mian liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Aire agus le comhghleacaithe an Aire sa Roinn a lean de chaidreamh dearfach a chothabháil leis an Údarás, agus is mó againn an tacaíocht a thug siad go háirithe chun ár mbealach a dhéanamh trí thionchair Brexit. Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghlacadh le foireann ÚMICÉ, faoi stiúir an Phríomhfheidhmeannaigh, a dhéileáil go fóirmhaith le dúshláin uathúla bliana uathúla. Léiríonn a n-athléimneacht agus a solúbthacht láidreachtaí an Údaráis, agus tá an t-ádh orainn, mar Bhord, iad a bheith againn.

Martin Sisk

Cathaoirleach

30 Aibreán 2021

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

Réamhrá

Is é is cuspóir don athbhreithniú seo forléargas a thabhairt ar ghníomhaíochtaí an Údaráis in 2020. Glacann ÚMICÉ lena fhreagrachtaí reachtúla, atá leagtha amach go príomha in Acht na gCuideachtaí agus i ndlí an Aontais, i gcomhréir lena phlean gnó bliantúil, agus tá an chaoi ar baineadh an méid sin amach leagtha amach go mion i gcorp na tuarascála seo. Tháinig dúshlán uathúla gan réamhshampla le COVID-19 in 2020 agus téitear i ngleic leo sin ar a seal i ngach cuid oibríochtúil den tuarascáil. Tarraingítear aird ar na príomhéachtaí eile de chuid an Údaráis sa tuarascáil agus ar shamplaí den chaoi a thug an tÚdarás faoin obair le linn na bliana. Leagtar amach san athbhreithniú uaim na héachtaí sin agus éachtaí suntasacha eile de chuid an Údaráis in 2020.

Príomhghníomhaíochtaí

Tá ÚMICÉ freagrach as caighdeán iniúchóireachta agus eiticíúla a eisiúint le haghaidh iniúcháirí reachtúla in Éirinn. Le linn na bliana, d'eisigh an tÚdarás caighdeán eiticíúil athbhreithnithe d'iniúcháirí, a raibh feidhm aige maidir leis na hiniúchtaí reachtúla uile. Is é beartas ÚMICÉ é caighdeán a ghlacadh faoi mar atá eitisithe ag rialtóir na Ríochta Aontaithe, CTA, agus athbhreithniú a dhéanamh orthu lena áirithiú go bhfuil siad comhsheasmhach le dlí na hÉireann chomh maith le measúnú a dhéanamh ar cibé acu is ann nó nach ann do shaintréithe sainiúla i margadh na hÉireann a d'fhágfadh gur ghá leasú a dhéanamh ar chaighdeán na Ríochta Aontaithe. Mar chuid den chaighdeán eiticíúil a eisíodh ar deireadh thiar, áiríodh roinnt leasuithe a bhaineann le margadh na hÉireann. Bhí an méid sin i measc réimse caighdeán athbhreithnithe a eisíodh in 2020. Ina theannta sin, d'eisigh ÚMICÉ coimre de thuarascálacha iniúcháirí teimpléid agus ba cheart di sin a bheith ina cuidiú mór d'iniúcháirí reachtúla, go háirithe iad sin i ngnólaigh beaga agus cleachtóirí aonair. Maidir le Caighdeán Idirnáisiúnta um Bainistiú Cáilíochta (CIBC) 1, tá an tÚdarás ag feitheamh go dtabharfaidh CTA glacadh an chéanna chun críche, ar caighdeán nua é maidir le bainistiú cáilíochta ag a mbeidh tionchar suntasach ar ghnólaigh iniúchóireachta, agus atá mar chuid de réimse níos leithne de chaighdeán bainistithe cáilíochta. Le CIBC 1, déantar gnólaigh a aistriú ó chur chuige atá bunaithe ar chomhlíonadh i leith rialú cáilíochta chuig creat bainistithe cáilíochta lena gceanglaítear cur chuige rioscabhunaithe, réamhghníomhach agus saincheaptha i leith cáilíocht fostaíochtaí iniúchóireachta a bhainistiú.

Mar chuid d'fhormhaoirseacht an Údaráis ar chomhlachtaí cuntasáíochta forordaithe, tá réimse treoirilínite á fhorbairt ag ÚMICÉ agus beifear ag súil leis go léireoidh na comhlachtaí

rialáilte go bhfuil siad i gcomhréir leis sin. Is i dteannta na gceanglas a leagtar amach sa dlí atá siad sin, agus léirítear leo freagracht deiridh an Údaráis i leith na bhfreagrachtaí rialála i ndáil le hiniúchóireacht reachtúil, agus a fhormhaoirseacht ar dhearbhu cáilíochta agus imscrúdú agus disciplín i measc na gcuntasóirí rialáilte uile. Is iad a bheidh mar bhonn don Aonad Maoirseachta Rialála agus Faireacháin ('MRF') agus an fheidhm sin á comhall. Is é MRF an tAonad a phléann leis na comhlachtaí cuntasáíochta aitheanta freisin maidir leis an tionchar atá ag stádas neamh-AE na Ríochta Aontaithe. Maidir leis na comhlachtaí sin a bhfuil comhlachtaí dá gcuid ag oibriú mar iniúcháirí reachtúla sa dá dháil, beidh ceanglas méadaitheach ann chun struchtúir rialála chomhuaineacha a oibriú go héifeachtach, agus leanann ÚMICÉ de bheith ag obair leis na comhlachtaí cuntasáíochta aitheanta ('CCAnna') de réir mar a shainaithníonn siad a roghanna i saol iar-Brexit. Chuir an t-aonad ceithre athbhreithniú maoirseachta ar chomhlachtaí cuntasáíochta i gcrích freisin agus d'fhormheas sé 48 doiciméad bunreachtúil.

Bhí baint mhór ag an Aonad Maoirseachta um Thuairisciú Airgeadais (AMTA) le pléirí ar leibhéal Eorpach maidir le tionchar COVID-19, agus leis na tacaíochtaí agus na faoisimh ghaolmhara a chuir rialtais náisiúnta i bhfeidhm, maidir le tuairisciú corparáideach. Phléigh an t-aonad cur i ngníomh beartaithe na Formáide Leictreonaí Aonair Eorpaí (ESEF) nua freisin agus ullmhacht eitisitheoirí agus rialtóirí don fhormaid tuairisciúcháin nua sin. I ndeireadh na bliana, bhí an dáta cur i bhfeidhm a bhí beartaithe, is é sin an 31 Nollaig 2020, á athbhreithniú ag an gCoimisiún. Rinne an tAonad scrúdú freisin ar 44 tuarascáil bhliantúil agus ar thrí thuarascáil leathbhliantúla, agus d'eisigh sé deich gcinneadh um thuairisciú airgeadais agus dhá thuarascáil théamacha.

D'fhoilsigh an tÚdarás a chéad bhabhta de thuarascálacha cáilíochta iniúcháirí i mí an Mhárta 2020, agus bhí ocht dtuarascáil ar ghnólaigh iniúchóireachta aonair eitisithe aige ar a shuíomh gréasáin. Sannadh grád 2 nó níos airde ar 71% d'iniúchtaí aonair, rud a fhágann go bhfuil an cháilíocht iniúchóireachta ar chaighdeán maith. Bíodh is go bhfuilimid chun tosaigh ar ár gcomparadóirí idirnáisiúnta ó thaobh sin de, d'fhéadfadh sé a bheith níos fearr, agus go háirithe, bhí díomá ar an Údarás faoi líon na n-iniúchtaí a grádaíodh ag 4, bun an scála cáilíochta. In 2020 bhí ocht ngnólaigh faoi réir cigireacht ón Údarás, agus bhíodhas le torthaí na hoibre sin a eisiúint i mí an Mhárta 2021. D'óstáil ÚMICÉ comhdháil fhíorúil freisin i gcomhair comhlachtaí coiste iniúchóireachta, agus aird á tarraingt ar thábhacht a ról sa timpeallacht cáilíochta iniúchóireachta. Meastar go mbeidh na comhdhála sin mar chuid rialta d'fhor-rochtain an Údaráis.

Caibidil 1: Ráiteas Ón gCathaoirleach agus Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

Ina theannta sin, rud mór nua eile don Údarás in 2020 ba ea tabhairt i gcrích a chéad imscrúdaithe faoi alt 934 d'Acht na gCuideachtaí, a d'eascair as mainneachtainí a sainaitníodh ina chóras cigireachta iniúchóireachta. Leis na pionóis agus na smachtbhannaí sin a cuireadh ar na daoine aonair agus ar an ngnólacht, cuirtear teachtaireacht shoiléir faoina thromchúisí atá neamhchomhlíonadh caighdeán rialála dar le ÚMICÉ. I ndeireadh na bliana bhí dhá chás eile á nimscrúdú. Ina theannta sin, bhí fiosrúchán amháin faoi bhealach i ndeireadh 2020, fiosrúchán a bhain le cur chun feidhme a nósanna imeachta imscrúdaithe agus araíonachta de chuid comhlacht cuntasaíochta aitheanta.

Shínigh ÚMICÉ an Dearbhú maidir le Nuálaíocht na Seirbhíse Poiblí agus in 2020 thug sé éifeacht dó sin i gcruthú Aonaid Forbartha Eagraíochtúla ar leibhéal na ceannaireachta. Is é Ceann na Forbartha Eagraíochtúla a spreagann an clár nuálaíochta ar fud an Údaráis, agus obair á déanamh lena áirithiú go bhféachfaidh an fhoireann uile le feabhas leanúnach a chur ar oibríochtaí an Údaráis, ar an líne tosaigh agus ar leibhéal tacaíochta araon. D'óstáil an tÚdarás roinnt imeachtaí oiliúna agus nuálaíochta fíorúla chun tacú leis an sruth oibre sin, agus chun é a leabú ina ghnó mar is gnách. Bhí an obair, a bhí ar siúl ó amach sa bhliain 2019, thar a bheith luachmhar nuair a bhí an ar an Údarás oiriúnú do thionchair COVID-19 ó mhí an Mhárta i leith.

Bhí na tionchair sin le brath ar fud ÚMICÉ, ach ar an gcéad dul síos chuaigh siad i bhfeidhm ar an Aonad Airgeadais agus Riaracháin arbh éigean dó aistriú, thar oíche beagnach, ó chóras oifige agus páipéarbhunaithe chuig córas cianda agus fíorúil. Ba é a bhí freagrach freisin as deimhin a dhéanamh de go bhféadfaidh an chuid eile den Údarás leanúint de bheith ag feidhmiú de réir mar a d'aistrigh an fhoireann uile chuig an obair ón mbaile. Baineadh an méid sin amach gan tionchar suntasach a imirt ar oibríochtaí ÚMICÉ trí chéile.

Lean tiomantas ÚMICÉ don obair idirnáisiúnta ar aghaidh in 2020, bíodh is gur aistríodh í chuig timpeallacht fhíorúil. Bíodh is nach é sin an réiteach is fearr é, is féidir go leanfar de ghnéithe áirithe ar bhonn fíorúil san am atá le teacht. Chuir ÚMICÉ lena ról in CCEFI trína chomhaltas sa Ghrúpa Comhairliúcháin, agus ghabh sé chuige ról an leaschathaoirligh ar Ghrúpa na Rialtóirí Éiritheacha i gcomhlacht domhanda FIRIN. Breathnaíonn ÚMICÉ ar na ról sin mar léargas níos mó a sholáthar don Údarás ar fhorbairtí idirnáisiúnta i gcúrsaí iniúchóireachta, chomh maith le deiseanna forbartha pearsanta a sholáthar dá fhoireann. Leanfaidh sé de bheith ag saothrú na ndeiseanna sin de réir mar a thagann siad chun cinn.

Tuairimí scoir

Leis an achoimre thuas agus, go deimhin, leis an tuarascáil iomlán, tugtar léargas ar obair an Údaráis in 2020. Déanann ÚMICÉ roinnt gníomhaíochtaí laethúla ó thaobh plé a dhéanamh le páirtithe leasmhara, tacaíocht a thabhairt don Roinn ar shaincheisteanna iniúchóireachta, freagra a thabhairt ar chomhairliúcháin, agus cúnamh a thabhairt d'eintitis rialáilte comhlíonadh na n-ardchaighdeán a leagann sé síos a chur chun cinn. Tá an obair sin bunriachtanach chun ardchaighdeán iniúchóireachta agus cuntasaíochta a chothabháil. Agus na focail seo á scríobh agam, tá níos mó ná bliain imithe thart ón uair dheireanach a bhí an chuid is mó de mo chomhghleacaithe i mo láthair go pearsanta. Bíodh is gur tháinig an teicneolaíocht in ionad na teagmhála aghaidh ar aghaidh ar go leor bealaí, ní féidir léi luach na teagmhála pearsanta a athchruthú. Fágann sin freisin go mbíonn obair rialála níos dúshlánaí ar go leor bealaí. Léirigh mo chomhghleacaithe atá ag obair in ÚMICÉ tiomantas mór in imthosca an-dian le bliain anuas. Cé gurbh eispéireas dearfach an obair ón mbaile do dhaoine áirithe, ar an mbealach céanna, is iomaí duine a bhraitheann nach bhfuil an obair ón mbaile saor ó locht, ná baol air. Mar sin féin, rinne an tÚdarás beart de réir a bhriathair ar a phlean gnó don bhliain, fad a chuaigh sé i ngleic leis na dúshláin nua uile nach rabhtas ag siúl leo agus a bhain le COVID-19. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun mo bhuíochas a ghabháil leo. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an gCathaoirleach agus leis an mBord as an tacaíocht a thug siad le linn na bliana dúshlánaí seo. Léiríonn éachtaí an Údaráis in 2020 an obair chrua a rinne gach duine lena mbaineann.

Kevin Prendergast

Príomhfheidhmeannach

30 Aibreán 2021